



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Deireadh Fómhair 2022  
(OR. en)

13665/22  
ADD 1  
LIMITE  
PV CONS 58  
AGRI 548  
PECHE 403

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**  
COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH  
(Talmhaíocht agus Iascach)  
17 Deireadh Fómhair 2022

## ÁBHAR

Leathanach

### Gníomhaíochtaí neamhrechtacha

#### IASCACH

3. Rialachán ón gComhairle lena socraítear na deiseanna iascaireachta is infheidhme i Muir Bhailt le haghaidh 2023 ..... 3
4. Cruinniú bliantúil ICCAT (an 14 go dtí an 21 Samhain 2022) ..... 3

#### TALMHAÍOCHT

5. Staid an mhargaidh, go háirithe tar éis an ionraidh a rinneadh ar an Úcráin..... 3
6. Saincheisteanna talmhaíochta a bhaineann le trádáil ..... 4

#### Aon ghnó eile

7. (d) Beatha próitéine orgánaí ón Úcráin..... 4

IARSCRÍBHINN – Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle..... 5

\*\*\*

## Gníomhaíochtaí neamhrechtacha

### IASCACH

3. **Rialachán ón gComhairle lena socraítear na deiseanna iascaireachta is infheidhme i Muir Bhailt le haghaidh 2023** [C](\*) 13353/22  
(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: 11877/22 + ADD 1  
Airteagal 43(3) CFAE)  
*Comhaontú polaitiúil*

Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an Rialachán lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt le haghaidh 2023.

I bhfianaise an ghá atá le glacadh tráthúil, d'aontaigh an Chomhairle le nós imeachta i scríbhinn a úsáid chun an Rialachán seo ón gComhairle a ghlacadh.

4. **Cruinniú bliantúil ICCAT (an 14 go dtí an 21 Samhain 2022)** 12238/22  
*Malartú tuairimí*

Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle maidir leis na tosaíochtaí polaitiúla do chruinniú bliantúil ICCAT 2022 a bheidh ar siúl ón 14-21 Samhain 2022.

### TALMHAÍOCHT

5. **Staid an mhargaidh, go háirithe tar éis an ionraidh a rinneadh ar an Úcráin** 13176/2/22 REV 2  
*Faisnéis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit* 13467/22  
*Malartú tuairimí*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir le staid na bpríomh-mhargaí talmhaíochta, chomh maith leis na barúlacha agus na hiarrataí ó na toscaireachtaí agus na freagraí ón gCoimisiún.

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an Liotuáin ar fáil maidir le beatha próitéine orgánaí ón Úcráin agus tuairimí an Choimisiúin agus na dtoscaireachtaí.

6. **Saincheisteanna talmhaíochta a bhaineann le trádáil**

13077/22

*Faisnéis ón gCoimisiún  
Malartú tuairimí*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón gCoimisiún, barúlacha na dtoscaireachtaí agus freagra an Choimisiúin.

D'iarrfadh an Uachtaránacht go rialta ar an gCoimisiún an Chomhairle a thabhairt cothrom le dáta maidir le saincheisteanna trádála idirnáisiúnta talmhaíochta.

**Aon ghnó eile**

7. (d) **Beatha próitéine orgánaí ón Úcráin**

13506/22

*Faisnéis ó thoscaireacht na Liotuáine*

Is in éineacht le mír 5 a pléadh mír 7(d).

---

Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

(\*) Mír ar féidir vótáil a iarraidh ina leith

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhrechtacha 'A' a leagtar amach in 13310/22**

**Maidir le mír 9 ar liosta na míreanna 'A':**

**Rochtain phoiblí ar dhoiciméid Iarratas daingniúcháin Uimh. 16/c/01/22**  
*Glacadh*

**RÁITEAS ÓN ÍSILTÍR**

‘Ní féidir leis an Ísiltír aontú leis an réasúnaíocht sa dréachtfhreagra ar iarratas dearbhúcháin Uimh. 16/C/01/22 go ndéanfaí, le nochtadh iomlán WK 11161/2020 agus WK 12094/2020 agus leas iomlán nó nochtadh páirteach ar a laghad WK 6361/2021, an bonn a bhaint (go mór) ó chosaint leas an phobail maidir le beartas airgeadais, airgeadaíochta nó eacnamaíoch an Chomhphobail nó Ballstáit agus próiseas cinnteoireachta na Comhairle. I bhfianaise léirmhíniú sriantach na n-eisceachtaí sin ag an gCúirt, creideann an Ísiltír nach leor an chúis atá leis an gcaoi a bhfuil an bonn á bhaint ó na leasanna sin nó conas is féidir an riosca sin a thuar go réasúnta agus nach riosca iomlán hipitéiseach é (i bhfianaise chásdlí na Cúirte Breithiúnais agus go háirithe cás C-350/12 P, an Chomhairle/in ‘t Veld agus cásanna uamtha C 39/05 P agus C-52/05, Ríocht na Sualainne agus Turco/an Chomhairle).

Thairis sin, tugann an Ísiltír dá haire go bhfuil ionchur na hÍsiltíre ar WK 4706/2021 folaithe faoi láthair, cé nach bhfuil aon agóid ag an Ísiltír i gcoinne nochtadh an ionchuir.

Maidir leis na doiciméid eile a iarradh san iarratas dearbhúcháin, aontaíonn an Ísiltír leis an measúnú a rinne an Ardrúnaíocht.’

**Maidir le mír 12 ar liosta na míreanna 'A':**

**Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh ón Aontas laistigh den Choiste Trádála den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Singeapór**  
*Glacadh*

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

‘Measann an Coimisiún gur cheart an Cinneadh ón gComhairle a chur faoi bhráid an Choimisiúin, agus dá bhrí sin, measann sé go bhfuil na hathruithe ar Airteagal 2 míchuí.

Is gníomh ionadaíochta seachtraí thar ceann an Aontais é seasamh an Aontais a léiriú i gcomhlacht arna bhunú trí chomhaontú, gníomh atá ina shainphribhléid institiúideach de chuid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 17(1) CAE.

Coimeádann an Coimisiún a chearta uile i dtaca leis sin.’